

Éigse Dhiarmuid Uí Shúilleabháin 2022 ón 2ú go go dtí 4ú Nollaig.

Beidh Éigse Dhiarmuid Uí Shúilleabhain ag ceiliúradh 30 bliain ó bhunaigh a Mhuintir agus a Chairde an chéad Éigse ag tús na Nollag 1992,bliain tar éis dó bheith caillte go tragóideach I 1991. Beidh sé ar siúl mar is gnáth I nGaeltacht Mhúscraí ón Aoine 2ú lá go dtí an Domhnach an 4ú lá de mhí na Nollag.

Bhí cáil agus meas ar Dhiarmuidín as feabhas agus stíl a chuid amhránaíochta agus an cumas a bhí ann a leagan féin a dhéanamh d'amhráin agus go háirithe a repertoire d'amhráin aitiúla Múscraíoch.

Bhíodh Diarmuidín ag obair mar mhúinteóir tráth agus ba chraoltóir é le **RTÉ Raidió na Gaeltachta.**

Tagann amhránaithe, ceoltoirí agus mórchuid cuairteóirí, le chéile gach bliain as gach ceann den tír chun an amhránaíocht agus an ceol traidisiúnta a chleachtadh I dteannta le Muintir Mhúscraí.

'S é **Seán Potts** craoltóir agus piobaire aitheanta a dhéanfaidh an oscailt oifigiúil oiche dé hAoine.

Ina dhaidh san seolfaidh dlúth chara le Diarmuid an dlúthdhiosca "**Diarmuidín**" curtha le chéile ag Coiste na hÉigse. Beidh 20 rian ar an ndlúthdhiosca ina measc rianta le Diarmuid nach bhfuil eisithe cheana leithéidí, Cath Chéim an Fhia, Reidh Chnoc Mná Duibhe agus McAlpines Crew. Canfaidh aíonna éagsúla rianta ón ndlúthdhiosca.

Críochnóidh an oíche le seisiún ceoil sa **Mhuileann**.

Beidh tús luath leis na himeachtaí maidin Dé Sathairn le **Siúlóid Cuimhneacháin Síle Ni Shúilleabháin** (deirfiúr le Diarmuidín. Tosnóidh an siúlóid ó chlos **Bárr a Chuma** ar 9.30 r.n.

Beidh ocht gCeardlann ar siúl an mhaidin céanna, ó 10.00-12.30, I **gColáiste Ghobnatan** agus **Ionad Cultútrtha** Dochtúir Ó Loiungsigh

Amhránaíocht I nGaoluinn le Lillis Ó Laoire,
Amhránaíocht I mBéarla le Cathy Jordan,
Fidil le Sorcha Costello,
Consairtín le Mary MacNamara,
Rince le Edel Ni Churraoin,
Bosca Ceoil le Diarmuid Ó Meachair,
Feadóg Mhór le Brian O Loughlin
Bouzouki le Libby McCrohan.

Breis eolais futhú seo ó Liadh agus Síle in Ionad Cultúrtha Dochtúir Ó Loingsigh www.ionadculturtha.ie , 026 45733.

Tar éis lóin beidh léacht againn leis an leachtóir agus údar **Dáibhí Ó Cróinin "The Songs Of Elizabeth Cronin, 20 Bliain ag Fás"** san **Ionad Cultúrtha.**
Ba chomhair go mbeadh tráthnóna brea ceoil againn ina dhiaidh san, ar dtús I **mBárr a'Chuma** le **Muintir Mheachair** agus ina dhiaidh I **dTigh Tabhairne Ui Scannaill** le **Shane Creed** agus a chairde.

Beidh ócáid mhór na deireadh seachtaine Coirmcheoil na hÉigse ar siúl in **Áras Éamonn Mac Suibhne** oíche Dé Sathairn. 'Sí **Doireann Ní Ghlacáin** a bheidh ina Bean a Tí agus I dteannta leosan thuasluaite a bhí I bhfeighil na gceardlanna beidh **Caoimhe agus Seosamh Ó Flatharta, Muintir Mheachair, Bríd Ni Mhaolchiaráin- Buaiteóir Corn Ui Riada 2022, John Kelly agus Peadar Ó Riada** agus gan dabht **Cór Chúil Aodha.**

Beidh Amhránaíocht **sa Mhuileann** ina dhiaidh, le **Máire Ní Chéilleachair** mar Bean a Tí agus beidh **Seisiún Ceoil in Óstán Ghobnatan** chomh maith.

Ar an nDomhnach ar a 11.00 craolfar aifreann na hÉigse le **Cór Chuil Aodha** á stiúriú ag **Peadar Ó Riada** - Beo ar Raidió na Gaeltachta.
Bíonn ócáid speisialta igconaí sa sean Teampall I Reilig Ghobnatan agus beidh arís imbliana , sé sin **Ceadal na hEigse** le **Caoimhe agus Séamus Ó Flatharta agus Muintir Jordan/The Jordan Trio** (Buaiteoirí craobhacha uile Éireann).

Beimid ag fáilte tharnais roimh na hamhranaithe óga imbliana fé Scéim **Aisling Gheal,** le Éigse Amhránaíochta in **Óstán Ghobnatan**. Beidh scoth an cheoil againn don tráthnóna le **Jimmy Doyle** agus a Chairde in **Ostan Ghobnatan** agus ana-thráthnóna amhranaíochta I mBárr a Chuma faoi stiúir **Eibhlís Uí Thuama**.

Mar sin níl áit níos fearr le bheith ann le haghaidh deireadh seachtaine ceolmhar, traidisiúnta, spraiúil ná Gaeltacht Mhúscraí d'Éigse 2022.

Breis Eolais agus clár iomlán na deireadh seachtaine ar fáil ar suiomh www.eigse.ie.
Cathal Ó Riada 086-8509515, eolas@eigse.ie agus https://twitter.com/eigse



Éigse Dhairmuiid Uí Shúilleabháin 2022 2nd to the 4th December.

Éigse Dhairmuid Uí Shúilleabhain will be celebrating 30 years since his Family and Friends founded it in Decembar 1992, a year after Diarmuid's tragic death in 1991. It will be held as usual in the Múscraí Gaeltacht from Friday the 2nd of December to Sunday the 3rd of December.

Diarmuid Ó Súilleabháin was very well known for his unique singing style and his versions of many renowned songs from the Múscraí area. He was among other things, a teacher and a journalist who worked for **Raidió na Gaeltachta**.

Singers, musicians and people who enjoy traditional singing and music come from all over the country and indeed from abroad every year to celebrate the unique culture of the Múscraí area.

This year **Seán Potts** the well-known piper and journalist will open the Éigse officially on Friday night the 2nd of December.

After the opening **Seán Ó Liatháin**, a close friend of Diarmuidin's will launch the cd "**Diarmuidín**" a collection of 20 tracks,some of which have not been issued before, such as Cath Chéim an Fhia, Réidh Chnoc Mná Duibhe and McAlpines crew. Various invited guests and family will sing different tracks from the cd. The night will finish with a session in **the Mills**.

Saturday the 3rd of December will have an earlier start with **Siúlóid Cuimhneacháin Síle Ni Shúilleabháin** at 9.30,starting off at the carpark in the **Top of Coom**.

We will have eight workshops this year in Coláiste Ghobnatan and Ionad Cultúrtha Dochtúir Ó Loingsigh, from 10.00 am to 12.30 p.m.

Sean Nós singing with Lillis Ó Laoire.
English Singing with Cathy Jordan.
Concertina with Mary MacNamara.
Fiddle with Sorcha Costello.
Sean Nós Dancing with Edel Ní Churraoín.
Accordion with Dairmuid Ó Meachair.
Flute with Brian O Loughlin.
Bouzouki with Libby McCrohan.

For further information contact Liadh or Síle at Ionad Cultúrtha Dochtúir Ó Loingsigh www.ionadculturtha.ie , 026 45733.

After lunch we will have a lecture in the Ionad Cultúrtha with the well-known lecturer and author **Dáibhí Ó Cróinín - "The Songs of Bess Cronin, Fiche Bliain ag Fás**".

We will have a great evening of music after that, with firstly **Muintir Mheachair** in the Top of Coom and afterwards with **Shane Creed** and friends in **Scannells** bar in the village.

Our gala concert hosted by **Doireann Ní Ghlacáin**, will take place in **Áras Éamonn Mac Suibhne at 8.00** that evening. All the tutors who taught workshops earlier will take part along with **Muintir Mheachair**, **Caoimhe and Séamus Ó Flatharta**, **Bríd Ni Mhaolchiaráin-Winner of Corn Uí Riada 2022**, **John Kelly and Peadar Ó Riada** and of course **Cór Chúil Aodha.** Afterwards there will be a singing session in the **Mills Inn** with **Máire Ní Chéilleachair** as Bean a Tí and a music session in the **Abbey Hotel.**

On Sunday mass will be celebrated with **Cór Chúil Aodha** under the guidance of **Peadar Ó Riada** which will be transmitted live on Raidió na Gaeltachta.

The **Recital** in the Old Church in **Reilig Ghobnatan** at mid-day is always a special occasion and this year is no different, performing will be **Caoimhe and Séamus Ó Flatharta** and **the Jordan Family/Trio** (All Ireland Medal winners at Fleadh Cheoil na hÉireann)

We will be welcoming Back our young singers from the **Aisling Gheal** singing scheme this year at lunch time with, Éigse Amhránaíochta in the **Abbey Hotel**. We are delighted that we will have mighty music with **Jimmy Doyle** and friends playing in the **Abbey Hotel** in the afternoon and should have an entertaining and enjoyable evening of singing in the **Top of Coom** with **Eibhlís Uí Thuama** as Bean a Tí.

So, for a great weekend of music, song and good company head to Gaeltacht Mhúscraí and Éigse Dhiarmuid Uí Shúilleabháin 2022.

More information and the full programme of events available on Éigse website www.eigse.ie, Cathal Ó Riada 086 8509515, eolas@eigse.ie and https://twitter.com/eigse.